# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012

# CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

## 1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe de €1,600,000 ag West Tta, atá roinnte ina 1,100,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 500,000 Scair Thosaíochta 4% ar €1 an ceann.

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a leabhair ar 31/12/2011:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh ar a gcostas | 800,000 | |
| Veaineanna seachadta (costas €260,000) | 180,000 | |
| Lascaine (Glan) | | 10,400 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2011 | 25,100 | |
| Stoic ar láimh 01/01/2011 | 71,200 | |
| Ús bintiúir do na chéad cheithre mhí | 5,600 | |
| Infheistíochtaí 4% 01/01/2011 | 300,000 | |
| Paitinní (ioncam infheistíochta 3 mhí san áireamh) | 20,400 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 1,140,000 | 1,444,700 |
| Díbhinní íoctha | 23,300 | |
| Soláthar in aghaidh Drochfhiach | | 3,000 |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 98,400 | 82,200 |
| Banc | | 33,000 |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (Fionraí san áireamh) | 194,300 | |
| Bintiúir 9% | | 180,000 |
| Scairchaipiteal eisithe – Gnáthscaireanna | | 700,000 |
| – Scaireanna Tosaíochta 4% | | 400,000 |
| Táillí stiúrthóirí | 40,200 | |
| Fógraíocht | 4,800 | |
| Cúlchiste Caipitil | | 50,000 |
| | 2,903,300 | 2,903,300 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Bhí luach €81,200 ar an stoc ar a chostas ar 31/12/2011 – cuimsíonn an figiúr seo stoc damáistithe a chosain €5,400 ach a bhfuil luach glan inréadaithe de €2,300 anois air.

(ii) Tá paitinní, a chuimsíonn ioncam infheistithe 3 mhí, le díscríobh thar thréimhse 4 bliana ag tosú in 2011.

(iii) Tarlaíonn an figiúr don fhionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart d'ús bintiúir (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus lascaine €450 a lamháladh agus nár breacadh ach sa chuntas lascaine amháin.

(iv) Le linn na bliana, scrios dóiteán stoc a chosain €5,000. Bhí an Chuideachta Árachais sásta €4,000 a íoc mar chúiteamh. Caithfear leis an gcaillteanas mar mhír ar leith sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(v) Soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar ráta bliantúil 10% dá gcostas ó dháta a gceannaigh go dtí dáta a ndíola. NÓTA: Ar 31/3/2011, trádáladh isteach veain seachadta a chosain €28,000 ar 30/6/2005, in aghaidh veain nua a chosain €54,000. Lamháladh €6,000 i leith an tseanveain. Maidir leis an seic ar glanmhéid an bhirt seo, déileáladh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(vi) Baineadh an figiúr bainc sa Chomhardú Trialach as cuntas bainc an ghnólachta. Tá ráiteas bainc, dar data 31/12/2011, tagtha agus rótharraingt de €31,280 á léiriú aige. Tháinig na neamhréitigh seo a leanas chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
   1. Iontráladh seic ar €640, a eisíodh le soláthraí, sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €460.
   2. Íocadh aistriú creidmheasa €900 go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta thar ceann féichiúnaí a dearbhaíodh ina fhéimheach le déanaí. B'ionann sin agus an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh ar 30c in aghaidh an €1.
   3. Níor tugadh isteach le haghaidh íocaíochta fós seic ar €1,000 a eisíodh le stiúrthóir mar tháillí.

(vii) Tá an íocaíocht fógraíochta ceaptha le haghaidh feachtas 18 mí a thosaigh ar 01/10/2011.

(viii) Tá na Stiúrthóirí ag moladh:
   1. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'Ioncam Infheistíochta agus d'Ús dlite ar Bhintiúir araon.
   2. Gur chóir an soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go dtí 4% de na féichiúnaithe.
   3. Gur chóir dímheas a dhéanamh ar fhoirgnimh ar 2% dá gcostas.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú**:

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (75)

**(b)** Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31/12/2011. (45)

**(120 marc)**

**2. Ceartú earráidí agus cuntas fionraí**

Níor réitigh Comhardú Trialach N. Uí Chonaill, úinéir garáiste, ar 31/12/2011. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh na cuntais chríochnaitheacha a léirigh glanbhrabús €41,000.

Tar éis na leabhair a sheiceáil, tháinig na hearráidí agus na heasnaimh seo chun solais:

(i) Bronnadh carr príobháideach Uí Chonaill dar luach €7,000 ar an ngnólacht. Díoladh an carr ar cairde níos déanaí le féichiúnaí de chuid an ghnólachta ar €7,600. Caitheadh leis an díolachán go mícheart mar dhíolachán ar airgead.

(ii) Chuir Ó Conaill carr ar ais, a ceannaíodh roimhe sin ar cairde ó sholáthraí ar €9,000, agus rinne sé an beart sin a iontráil go hearráideach sna mórleabhair chuntais chuí mar €9,900. Ach tháinig nóta creidmheasa ina dhiaidh sin ón soláthraí ag léiriú táille athstocála €300 i leith chostas an aischuir. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leith an nóta creidmheasa seo ná €8,700 chun sochair i gcuntas an chreidiúnaí.

(iii) Rinneadh fiach pearsanta €1,000, dlite d'Ó Conaill, a fhritháireamh ina iomláine in aghaidh fiach gnó €1,260, dlite ó Ó Conaill. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an bhfritháireamh seo.

(iv) Iontráladh i gceart sa chuntas bainc íocaíochtaí ó chuntas gnó sa bhanc, €600 ar dheisiúcháin ar an áitreabh gnó agus €520 ar árachas ar áit chónaithe phríomháideach, ach breacadh chun sochair iad ina dhiaidh sin i gcuntas na n-áitreabh agus i gcuntas árachais faoi seach.

(v) Cuireadh páirteanna cairr, a díoladh ar cairde roimhe sin ar €920, ar ais go dtí Ó Conaill. Iontráladh na haischuir sin go hearráideach mar €20 chun sochair an chuntais trealaimh agus mar €290 chun dochair an chuntais cheannachán.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnta. (40)

**(b)** Ráiteas a ullmhú agus an glanbhrabús ceart á thaispeáint agat. (14)

**(c)** (i) Cén chúis atá le Comhardú Trialach a ullmhú?

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chineál earráide **nach** léiríonn comhardú trialach iad. (6)

**(60 marc)**

**3. Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Ar 1 Eanáir 2007 bhí foirgnimh ruílse i seilbh Uí Leocháin Tta a chosain €360,000 agus talamh in aice láimhe a chosain €240,000. Déanann an chuideachta dímheas ar a chuid foirgneamh de réir ráta 2% sa bhliain de réir méid chothroim. Is é polasaí na cuideachta dímheas iomlán bliana a chur i bhfeidhm sa bhliain ina nglactar seilbh ar mhaoin agus gan aon dímheas a bheith ann i mbliain a diúscartha. Ceannaíodh an mhaoin seo ar 01/01/2003 agus gearradh dímheas in aghaidh brabúis i ngach ceann de na ceithre bliana sin (ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí a leanas as leabhair an ghnólachta:

| | |
|---|---|
| Ean 1 2007 | Rinneadh an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €700,000. Bhain €270,000 den athluacháil seo leis an talamh. |
| Ean 1 2008 | Díoladh ar €320,000 talamh in aice láimhe a chosain €240,000 ach a rinneadh a athluacháil ina dhiaidh sin ar 01/01/2007. |
| Ean 1 2009 | Ceannaíodh foirgnimh ar €500,000. Le linn na bliana 2009, íocadh €100,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chur leis na foirgnimh seo a ceannaíodh tamall gearr roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh freisin agus d'íoc Ó Leocháin Tta pá €50,000 san iomlán leo as an obair sin. |
| Ean 1 2010 | Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ar €1,188,000 (méadú 10% i dtaca le gach foirgneamh). |
| Ean 1 2011 | Díoladh ar €400,000 na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ar 01/01/2007. Rinneadh an chuid eile de na foirgnimh a athluacháil ar €950,000. |

**Iarrtar ort**:

**(a)** Na cuntais mhórleabhair ábhartha a ullmhú i dtaca leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 2007 go 31 Nollaig 2011.
(**Níl** Cuntas Bainc agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais ag teastáil.)

(52)

**(b)** (i) An sliocht ábhartha as an gClár Comhardaithe a thaispeáint mar a bhí ar 31/12/2011.
(ii) Cad iad na tosca a chuirtear san áireamh chun teacht ar an muirear dímheasa bliantúil?

(8)

**(60 marc)**

**4. Cuntais Feirme**

Ar shócmhainní agus ar dhliteanais Mhichíl agus Áine Uí Bhroin, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2011 tá: Talamh agus Foirgnimh ar chostas €405,000; Feithiclí agus Innealra ar chostas €85,000; Leictreachas dlite €360; Luach Eallaigh €70,000; Luach Caorach €15,000; Seic bainne dlite €1,500 agus Stoc Breosla €740.

Is achoimre é seo a leanas a baineadh as a gcuid íocaíochtaí seic agus as a leabhair lóisteála don bhliain dar chríoch 31/12/2011:

| **Lóisteálacha** | **€** | **Íocaíochtaí Seic** | **€** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid 01/01/2011 | 28,100 | Leasacháin | 2,400 |
| Bainne | 27,000 | Speansais ghinearálta feirme | 12,100 |
| Caoirigh | 22,000 | Pá déirí | 2,500 |
| Eallach | 15,000 | Caoirigh | 19,000 |
| Uain | 12,600 | Eallach | 13,000 |
| Laonna | 6,000 | Solas, teas agus breosla | 2,400 |
| Íocaíocht Aonair – Caoirigh | 2,300 | Innealra | 6,000 |
| Íocaíocht Aonair – Eallach | 3,200 | Deisiúcháin | 5,400 |
| Olann | 1,200 | Táillí tréidliachta agus cógais | 2,620 |
| Préimh Foraoiseachta | 1,700 | Iasacht bhainc móide ús 18 mí de réir | |
| Ús sé mhí ó Bhanna | | 4% sa bhliain ar 30/4/2011 | 19,080 |
| Infheistíochta 3% | 1,200 | Iarmhéid 31/12/2011 | 35,800 |
| | €120,300 | | €120,300 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

| | | **Eallach** | **Caoirigh** |
|---|---|---|---|
| (i) | Luach Beostoic ar 31/12/2011 ná | €78,000 | €22,000 |

(ii) Táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana – Bainne €850; Uaineoil €480.

(iii) Tá speansais ghinearálta feirme, leasachán agus táillí tréidliachta agus cógais le cionroinnt sa chóimheas 60% do 'Eallach agus Bainne' agus 40% do 'Caoirigh'.

(iv) Tá speansais agus costais eile le cionroinnt sa chóimheas 75% don fheirm go ginearálta agus 25% don teaghlach.

(v) Tá soláthar le déanamh do dhímheas orthu seo a leanas:
Feithiclí agus Innealra de réir 10% den chostas sa bhliain.
Talamh agus Foirgnimh de réir 2% sa bhliain. (Chosain an talamh €200,000.)

(vi) Cuimsíonn táillí tréidliachta agus cógais seic d'árachas sláinte an teaghlaigh ar €1,090.

(vii) Ar 31/12/2011 bhí seic Bainne €1,400 dlite, bhí €430 dlite do Chreidiúnaithe ar leasachán agus b'fhiú €500 an Stoc Breosla.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas Caipitil a ullmhú don fheirm ar 01/01/2011. (20)

**(b)** Cuntas Anailíse Fiontair a ullmhú do 'Eallach agus Bainne' agus 'Caoirigh' don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (20)

**(c)** Cuntas ginearálta Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (12)

**(d)** Cuntas Tarraingtí Mhuintir Uí Bhroin a ullmhú. (5)

**(e)** Ullmhaíonn feirmeoirí cuntais chun an glanbhrabús a fháil amach. Cad iad na cúiseanna eile a n-ullmhaíonn siad cuntais? (3)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Is iad seo a leanas na figiúirí don bhliain dar chríoch 31/12/2011 agus na figiúirí réamh-mheasta don bhliain dar chríoch 31/12/2012 a bhaineann le Glas cpt, déantóir i dtionscail an fhuinnimh in-athnuaite. Tá caipiteal údaraithe de €850,000 ag Glas cpt atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann. Tá 300,000 gnáthscair agus na scaireanna tosaíochta go léir eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2011**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin | | 790,000 |
| Stoc Tosaigh | 45,000 | |
| Stoc Deiridh | 50,000 | |
| Costais earraí díolta | | 595,000 |
| Ollbhrabús | | 195,000 |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | | 132,000 |
| Glanbhrabús | | 63,000 |
| Ús | | 20,000 |
| Díbhinní íoctha | | 25,000 |
| Brabús Coinnithe | | 18,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2011 | | 39,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2011 | | 57,000 |

**Cóimheasa Réamh-mheasta don bhliain dar críoch 31/12/2012**

| | |
|---|---|
| Tuilleamh an Ghnáthscair | 7c |
| Díbhinn an Ghnáthscair | 4.2c |
| Cumhdach Úis | 3 huaire |
| Mear-chóimheas | 0.85:1 |
| Cóimheas Praghais le Tuillimh | 16:1 |
| Toradh ar Chaipiteal in Úsáid | 8.1% |
| Giaráil | 51% |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí 31/12/2011** | | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 650,000 |
| Infheistíochtaí (luach ar an margadh 31/12/2011 €210,000) | | 200,000 |
| | | 850,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | 105,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | (98,000) | 7,000 |
| | | 857,000 |
| **Maoinithe ag** | | |
| Bintiúir 8% (Faoi urrús 2018) | | 250,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 300,000 | |
| Scaireanna Tosaíochta 6% @ €1 an ceann | 250,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | 57,000 | 607,000 |
| | | 857,000 |

Luach Gnáthscair amháin ar an margadh €1.15

**(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh**:

(i) Ceannacháin airgid más í an tréimhse chreidmheasa atá faighte ó Chreidiúnaithe Trádála ná 2.5 mí.
(ii) An Cumhdach Úis.
(iii) An Cumhdach Díbhinní.
(iv) An fad a thógfadh sé ar ghnáthscair amháin a luach a aisghabháil ar an ráta íocaíochta amach faoi láthair.
(v) Luach réamh-mheasta gnáthscair amháin ar an margadh in **2012**. (50)

**(b)** Cuir in iúl cé acu a bheadh sealbhóirí gnáthscaireanna sásta le feidhmíocht na cuideachta, le staid a cuid gnóthaí agus lena bhfuil i ndán di, nó nach mbeadh. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas ábhartha eile mar thaca le do fhreagra. (35)

**(c)** Ba é céatadán an bhrabúis chomhláin do 2010 ná 36%.
(i) Ríomh céatadán an bhrabúis chomhláin do 2011.
(ii) Tabhair 5 mhíniú dhifriúla ar an méadú/laghdú in 2011. (15)

**(100 marc)**

**6. Gnólacht Seirbhíse**

Bhí siad seo a leanas san áireamh i measc shócmhainní agus dhliteanais Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte na Ré Nua Tta ar 01/01/2011:
Foirgnimh agus Talamh €520,000; Trealamh €75,000; Feithiclí ar a gcostas €60,000; Stoc sa siopa €3,600; Stoc ola téimh €1,800; Creidiúnaithe do sholáthairtí don Ghiomnáisiam agus don Ionad Sláinte €1,500; Infheistíochtaí 5% €40,000; Glantachán ar conradh réamhíoctha €300; Éarlaisí cliant a íocadh roimh ré €5,000. Is é €400,000 Caipiteal Údaraithe an ghnólachta agus €350,000 an Caipiteal Eisithe.

**Tá 3 bliana dímheasa carntha ag na sócmhainní seasta go léir ar 01/01/2011**.

Is mar seo a leanas atá an Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2011:

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte na Ré Nua Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2011**

| | € | | € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid sa bhanc 01/01/2011 | 6,500 | Níochán | 3,000 |
| Táillí cliant | 320,000 | Teileafón | 1,400 |
| Ioncam ó infheistíochtaí | 1,100 | Pá & Tuarastail | 84,300 |
| Fáltais siopa | 42,000 | Aisíoc ar iasacht €30,000 ar 01/04/2011 | |
| Iarmhéid 31/12/2011 | 108,600 | le hús 15 mhí | 36,000 |
| | | Trealamh | 20,000 |
| | | Síneadh nua leis na foirgnimh | 220,000 |
| | | Feithicil nua | 40,000 |
| | | Glantachán ar conradh | 3,400 |
| | | Solas agus teas | 3,300 |
| | | Árachas | 6,200 |
| | | Ceannacháin – siopa | 26,000 |
| | | Ceannacháin – soláthairtí | 34,600 |
| | 478,200 | | 478,200 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Stoc deiridh ar 31/12/2011: Siopa €1,600, Ola téimh €400.
(ii) Déantar an glantachán ar conradh iníoctha roimh ré go míosúil agus cuimsíonn sé íocaíocht €700 le haghaidh Eanáir 2012.
(iii) Cuimsíonn táillí cliant táillí de €5,500 do 2012. Riaráistí táillí cliant ar 31/12/2011 €600.
(iv) Cuimsíonn Pá agus Tuarastail €20,000 sa bhliain a íocadh leis an rúnaí, a reáchtálann an siopa freisin. Meastar 40% den tuarastal sin agus €300 den solas agus teas, €900 den árachas agus €400 den teileafón a bheith le cur i leith an tsiopa.
(v) Creidiúnaithe do sholáthairtí don Ghiomnáisiam agus don Ionad Sláinte ar 31/12/2011 €2,000.
(vi) Leictreachas dlite ar 31/12/2011 €340.
(vii) Dímheas le déanamh mar seo a leanas:
Foirgnimh 2% dá gcostas don bhliain iomlán.
Trealamh 10% dá chostas don bhliain iomlán.
Feithiclí 20% dá gcostas in aghaidh na bliana ó dháta na gceannachán go dáta na ndíolachán.
An fheithicil ina seilbh ar 01/01/2011, ceannaíodh í ar 01/01/2008 agus trádáladh isteach í ar 01/07/2011 in aghaidh feithicil nua. An liúntas trádála isteach ná €8,000 in aghaidh feithicil nua a luacháladh ar €48,000.
(viii) Ar 31/12/2011 shocraigh Giomnáisiam agus Ionad Sláinte na Ré Nua Tta na fhoirgnimh a athluacháil ar €850,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cúlchistí na cuideachta (iarmhéid brabúis agus caillteanais) ar 01/01/2011 a ríomh. (18)
**(b)** An brabús/caillteanas sa siopa don bhliain dar chríoch 31/12/2011 a ríomh. (10)
**(c)** Cuntas Brabúis agus Caillteanais Ghiomnáisiam agus Ionad Sláinte na Ré Nua Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2011 a ullmhú. (36)
**(d)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2011 a ullmhú. (30)
**(e)** Is mian leis an gcuideachta trealamh nua a cheannach don shíneadh nua (foirgnimh) anois. Cuir comhairle ar an gcuideachta maidir le conas an costas ionchais €150,000 a mhaoiniú. (6)

**(100 marc)**

**7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas na Cláir Chomhardaithe ag Danton cpt, mar a bhí ar 31/12/2010 agus 31/12/2011:

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2011** | | **31/12/2010** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Talamh & foirgnimh | 850,000 | | 780,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (120,000) | 730,000 | (110,000) | 670,000 |
| Innealra | 349,000 | | 230,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (225,000) | 124,000 | (165,000) | 65,000 |
| | | 854,000 | | 735,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí luaite | | 60,000 | | 60,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoic | 111,000 | | 135,000 | |
| Féichiúnaithe | 380,000 | | 180,000 | |
| Urrúis rialtais | 60,000 | | | |
| Banc | 75,000 | | 22,000 | |
| Ioncam infheistíochta dlite | 3,000 | | 2,000 | |
| | 629,000 | | 339,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 107,000 | | 93,000 | |
| Cáin chorparáide | 110,000 | | 45,000 | |
| Ús dlite | 10,000 | | 15,000 | |
| | 227,000 | 402,000 | 153,000 | 186,000 |
| | | 1,316,000 | | 981,000 |
| **Maoinithe ag Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 10% (€50,000 a fuasclaíodh ar 31/12/2011) | | 200,000 | | 250,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 800,000 | | 600,000 | |
| Scairphréimh | 120,000 | | 100,000 | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 196,000 | 1,116,000 | 31,000 | 731,000 |
| | | 1,316,000 | | 981,000 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin don bhliain 2011:

(i) Rinneadh diúscairt, ar bhrabús €13,000, ar fhoirgnimh a chosain €90,000.
(ii) Ní dhearnadh diúscairt ar innealra le linn na bliana.
(iii) Tugann na hinfheistíochtaí luaithe toradh seasta 5% in aghaidh na bliana.
(iv) An díbhinn iomlán don bhliain ná 5c an scair.
(v) Bhí €12,000 ar fhoirgnimh san áireamh sa dímheas a gearradh don bhliain agus an brabús oibriúcháin á ríomh.
(vi) Íocadh ina hiomláine an cháin chorparáide a bhí dlite ar 31/12/2010.

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) Cuntas Brabúis agus Caillteanais Giorraithe a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar chríoch 31/12/2011 a fháil.
(ii) Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú do Danton cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2011, agus Ráitis Imréitigh san áireamh. (88)

**(b)** (i) A mhíniú cén fáth nach ionann i gcónaí brabús a shaothrú agus méadú comhfhreagrach a theacht ar an airgead ar láimh. Úsáid figiúirí as an gceist seo chun tacú le do fhreagra.
(ii) Breac-chuntas a thabhairt ar **dhá** dhualgas a bhíonn ar Stiúrthóirí cpt. (12)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Cionroinnt Forchostais agus Buiséadú Solúbtha**

**(a)** Tá dhá Roinn Táirgeachta, 1 agus 2, ag Ó hEaráin Tta agus dhá Roinn Seirbhíse choimhdeacha, X agus Y. Is iad seo a leanas na forchostais a bhfuil coinne leo sna chéad 6 mhí eile:

| **Forchostas** | **Iomlán** |
|---|---|
| | **€** |
| Dímheas ar threalamh | 20,000 |
| Dímheas ar fhoirgnimh mhonarchan | 24,000 |
| Téamh monarchan | 8,000 |
| Glanadh monarchan | 4,000 |
| Ceaintín monarchan | 5,400 |

Baineann an t-eolas seo a leanas le Ranna Táirgthe agus Seirbhíse na Monarchan:

| | **Táirgeacht** | | **Seirbhís** | |
|---|---|---|---|---|
| | Roinn 1 | Roinn 2 | Roinn X | Roinn Y |
| Méid ina mhéadair chiúbacha | 1,000 | 2,000 | 600 | 400 |
| Achar urláir ina mhéadair chearnacha | 800 | 600 | 400 | 200 |
| Líon fostaithe | 140 | 100 | 70 | 50 |
| Luach trealaimh de réir na leabhar | €10,000 | €15,000 | €9,000 | €6,000 |
| Uaireanta meaisín | 4,000 | 1,000 | | |

**Iarrtar ort**:

(i) An forchostas atá le hionsú ag gach Roinn a ríomh agus an bonn ar baineadh úsáid as chun an chionroinnt a dhéanamh a lua go soiléir.
(ii) Costais na Roinne Seirbhíse a aistriú go dtí na Ranna Táirgeachta 1 agus 2 ar bhonn uaireanta meaisín.
(iii) Ráta ionsúite forchostais in aghaidh na huaire meaisín a ríomh do na Ranna 1 agus 2.
(iv) A mhíniú cén fáth gur gá costais na Roinne Seirbhíse a aistriú go dtí na Ranna Táirgeachta 1 agus 2.

**(b)** Is féidir costais mheasctha a roinnt ina gcuid gnéithe seasta agus athraitheacha ach taifid na gcostas ó thréimhsí roimhe sin a úsáid. Déanann Edant cpt aon táirge amháin do thionscal na mótar. Rinneadh taifead ar na costais táirgeachta agus ar na leibhéil aschuir a leanas le linn Mhárta, Aibreán agus Bhealtaine 2011:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leibhéil Aschuir | 60% | 80% | 90% |
| Aonaid | 12,000 | 16,000 | 18,000 |
| **Costais** | **€** | **€** | **€** |
| Ábhair dhíreacha | 156,000 | 208,000 | 234,000 |
| Saothar díreach | 108,000 | 144,000 | 162,000 |
| Forchostais táirgeachta | 79,200 | 102,000 | 113,400 |
| Forchostais eile | 64,800 | 85,200 | 95,400 |
| Speansais riaracháin | 30,000 | 30,000 | 30,000 |
| | 438,000 | 569,200 | 634,800 |

Tá an brabús buiséadaithe le bheith mar 20% de na díolacháin. Is féidir na **forchostais eile** a roinnt ina ngnéithe seasta agus ina ngnéithe athraitheacha mar a leanas: **an Costas Athraitheach ar aonad ná €5.10 agus an Costas Seasta ná €3,600**.

**Iarrtar ort**:

(i) Na forchostais a roinnt ina ngnéithe seasta agus athraitheacha.
(ii) Buiséad Solúbtha a ullmhú do Leibhéal Gníomhaíochta 95% agus úsáid á baint as prionsabail na Costála Imeallaí, agus an cion tairbhe a thaispeáint.
(iii) A mhíniú, le samplaí, costais 'inrialaithe' agus 'dorialaithe'.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Tá sé ar intinn ag Din Tta, miondíoltóir a bhfuil rath air, siopa nua a oscailt in ionad nua siopadóireachta i gCorcaigh ar 01/07/2012 agus tá an réamhaisnéis seo a leanas déanta don chéad sé mhí trádála:

| | **Iúil** | **Lúnasa** | **M. Fómhair** | **D. Fómhair** | **Samhain** | **Nollaig** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Díolacháin | 520,000 | 540,000 | 610,000 | 630,000 | 640,000 | 660,000 | 3,600,000 |
| Ceannacháin | 220,000 | 240,000 | 270,000 | 280,000 | 360,000 | 380,000 | 1,750,000 |

(i) Is é an praghas díola a bhfuil súil leis ná €50 an t-aonad.

(ii) Meastar go mbeidh an patrún bailithe airgid ó dhíolacháin/fhéichiúnaithe mar seo a leanas:

**Custaiméirí Airgid** Gheofar 40% den ioncam ó dhíolachán ar airgead síos agus lamhálfar lascaine airgid 5%.

**Custaiméirí Creidmheasa** Gheofar 60% den ioncam ó dhíolachán ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe sin 50% dá gcuid billí sa mhí i ndiaidh an díolacháin agus an fuílleach sa dara mí i ndiaidh an díolacháin.

(iii) Meastar go mbeidh an patrún íocaíochta ó cheannacháin mar seo a leanas:

**Soláthraithe ar Cairde** Íocfar as 50% de na ceannacháin sa mhí i ndiaidh an cheannacháin nuair a gheofar lascaine 2% ar airgead tirim.
Íocfar as an gcuid eile de na ceannacháin sa dara mí i ndiaidh an cheannacháin.

(iv) Íocfar speansais an ghnólachta mar seo a leanas:

**Costais Mheasta** Pá €50,000 iníoctha gach mí de réir mar a thabhaítear é.
Forchostais athraitheacha €10 an t-aonad iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €60,000 in aghaidh na míosa iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

**Costais Chaipitiúla** Ceannófar ar 1 Iúil trealamh ar chostas €54,000 a mbeidh saol úsáideach measta de 5 bliana aige gan luach iarmharach. Maoineofar an ceannach seo go páirteach le hiasacht €48,000 ar 6% ina aghaidh na bliana. Íocfar an tsuim chaipitil ar ais ina 24 gála cothrom ag tosú ar 1 Lúnasa. Tá ús gach míosa le híoc ar an lá deireanach de gach mí, bunaithe ar an méid den iasacht atá gan íoc ar an dáta sin.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad airgid a ullmhú do na sé mhí Iúil go Nollaig 2012.
**(b)** Cuntas buiséadaithe brabúis agus caillteanais a ullmhú do na sé mhí dar críoch 31/12/2012.
**(c)** Cad iad na tosca is cóir do Din Tta a chur san áireamh agus iad ag teacht ar na díolacháin de €3,600,000 a bhfuil súil acu leo i rith na sé mhí de 2012?

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán